# Vhi 2008

www.vhi.ie

Tuarascáil Bhliantúil
agus Cuntais
Vhi Healthcare

Vhi Healthcare
Annual Report
& Accounts

An t-aon árachóir sláinte saincheaptha in Éirinn le breis agus 50 bliain taithí...

Ireland's only specialist health insurer with over 50 years experience...

A9/0037

# Clár Na nÁbhar

# Contents

# Ionad Teagmhála
# Contact Centre



| | |
|---|---|
| **1.089 milliún** Glao ar an ionad teagmhála | **1.089 million** Calls to the contact centre |
| **64,000** Cuairteoir ar na brainsí | **64,000** Callers to the branches |
| **47,000** Ríomhphost faighte | **47,000** Emails received |
| **14,000** Ríomhphost tríd an mBainisteoir Polasaithe | **14,000** Policy manager emails |
| **6,000** Iarratas ar líne | **6,000** Online applications |

Is é Vhi Healthcare an t-aon árachóir sláinte saincheaptha in Éirinn agus tá bród orainn a bheith in ann tús áite a thabhairt do leas ár gcustaiméirí i gcónaí. Tá tábhacht ar leith ag an gcaidreamh atá againn lenár mbaill agus bhí 1.2 milliún teagmháil againn lenár mbaill anuraidh ar an teileafón, trí ríomhphost, teachtaireachtaí téacs nó díreach daoine a thug cuairt ar ár n-oifigí i gCorcaigh, Baile Átha Cliath (Sráid na Mainistreach, Dún Laoghaire agus Bóthar An Nás), Gaillimh, Gaoth Dobhair, Cill Chainnigh agus Luimneach.

As Ireland's only specialist health insurer, Vhi Healthcare takes pride in putting our customers at the centre of all that we do. Our interaction with members is particularly important to us and last year we had 1.2 million contacts with members through telephone, email, text messages or callers to our offices in Cork, Dublin (Abbey Street, Dun Laoghaire and Naas Road), Galway, Gweedore, Kilkenny and Limerick.

# Bord na Stiúrthóirí

**1. Bernard Collins – Cathaoirleach**
Tá Bernard Collins ina Phríomhoifigeach Feidhmeannach ar Lifemed Consulting Limited. Tá BA Onóracha i Síceolaíocht Thionsclaíoch Fheidhmeach/ Gnó ó Ollscoil na hÉireann, Corcaigh, Éire aige. Tá an tUasal Collins ar bhord go leor comhlachtaí eile in Éirinn agus i Meiriceá. D'oibrigh sé ar feadh 10 mbliana mar Leas-Uachtarán ar Oibríochtaí Idirnáisiúnta ag Boston Scientific Corporation go dtí 2003.*

**2. Jimmy Tolan – B.Comm., Príomhfheidhmeannach, FCA**
Thosaigh Jimmy Tolan le Vhi Healthcare mar Phríomhfheidhmeannach i mBealtaine 2008. Bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Fyffes plc ó Eanáir 2007 agus rinne sé bainistíocht ar fheidhm éadála Fyffes ó 1993. Cuntasóir cáilithe atá i Jimmy Tolan agus fuair sé a oiliúint ó KPMG. Tá Céim B.Comm agus Dioplóma i gCuntasaíocht Phroifisiúnta aige ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

**3. David Went**
Bhí an tUasal Went ina Phríomhfheidhmeannach Grúpa ar Irish Life & Permanent plc ó 1998–2007, Príomhfheidhmeannach ar an Coutts Group ó 1994–1997 agus roimhe sin, mar Phríomhfheidhmeannach ar Ulster Bank Group 1987 go dtí 1994, tar éis tosú le Ulster Bank i 1976. Chaith an tUasal Went sé bliana le Citibank 1970–1976 i mBaile Átha Cliath agus in Jeddah. Tá sé ina Chathaoirleach faoi láthair ar Irish Times Ltd agus ar Fhondúireacht na Tríonóide agus Stiúrthóir i mBanc Goldman Sachs, An Eoraip. Tá BA (Mod) Eolaíocht an Dhlí LL.B ag an Uasal Went ó Choláiste na Tríonóide agus is céimí é freisin ó Óstaí an Rí mar Abhcóide.



# Board of Directors

1.

2.

3.

**1. Bernard Collins – Chairman**
Bernard Collins is Chief Executive Officer of Lifemed Consulting Limited. Mr. Collins received a BA Honours in Applied Industrial Psychology/ Business from University College Cork, Ireland. Mr. Collins maintains positions at board level on many other companies in Ireland and in the USA. He served for 10 years as Vice President of International Operations at Boston Scientific Corporation until 2003.*

**2. Jimmy Tolan – B.Comm., FCA, Chief Executive**
Jimmy Tolan joined Vhi Healthcare as Chief Executive in May 2008. Mr. Tolan was Chief Executive Officer of Fyffes plc since January 2007 and managed Fyffes acquisition function since 1993. Jimmy Tolan is a qualified accountant, having trained with KPMG. He has a B.Comm Degree and a Diploma in Professional Accounting from University College Dublin.

**3. David Went**
Mr. David Went was Group Chief Executive of Irish Life & Permanent plc from 1998–2007, Chief Executive of the Coutts Group from 1994–1997 and prior to that Chief Executive of Ulster Bank Group 1987 to 1994 having joined Ulster Bank in 1976. Mr. Went spent six years with Citibank (1970–1976) in Dublin and Jeddah. He is currently Chairman of the Irish Times Ltd and Trinity Foundation and a Director of Goldman Sachs Bank Europe. Mr. Went holds a BA (Mod) Legal Science LL.B from Trinity College and also graduated from Kings' Inns as a Barrister at Law.

**4. Liam Twohig** – B.Comm., FCA
Comhpháirtí Sinsearach, Baker Tilly Ryan Glennon; Comhpháirtithe Gnó & Cuntasóirí. Iar-Uachtarán ar Chumann Tionscail agus Tráchtála na Gearmáine-na hÉireann agus Comhalta, Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn, Coiste Achomhairc Araíonachta.#

**5. Jim Kelly**
Stiúrthóir, KBC Bainistíocht Sócmhainní, Stiúrthóir ar Bhanc KBC Éire plc, Comhalta, An Institiúid um Bainistíocht Pinsean, Iar-Phríomh-fheidhmeannach, Mercer Human Resource Consulting, Stiúrthóir Bunaidh, Pension & Investment Consultants Ltd., Iar-Chathaoirleach, Comhairle na hÉireann um Pleanáil do Lucht Scoir.*

**6. Baroness Neuberger** – DBE
Ball de na Daonlathaigh Liobrálacha, Teach na dTiarnaí, Iontaobhaí, Fondúireacht Dhuais Booker; Iontaobhaí, Iontaobhas Carthanais Walter & Liesel Schwab; Cathaoirleach ar an gCoimisiún um Thodhchaí Saorálaithe; Uachtarán, Giúdachas Liobrálach; Údar ar *The Moral State We're In*, staidéar ar mhoráltacht agus ar bheartas poiblí sa Bhreatain sa lá atá inniu ann agus *Not Dead Yet – A Manifesto for Old Age*; Iar-Phríomh-fheidhmeannach, King's Fund; Comhalta Oinigh, Coláiste Ríoga na Lianna, Coláiste Ríoga na Siciatraithe agus Coláiste Ríoga na Lianna Ginearálta; Iar-Rabbi, Sionagóg Liobrálach Londan Theas. Cathaoirleach an / *One Housing Group* / agus Cathaoirleach an Ghrúpa um Straitéis Fhreagrach Cearrbhachais. Comhairleoir an Phríomh-Aire faoi Shaorálaíocht.

4.

5.

6.

**4. Liam Twohig** – B.Comm., FCA
Senior Partner, Baker Tilly Ryan Glennon, Business Partners and Accountants; Past President, German-Irish Chamber of Industry and Commerce; and Member, Institute of Chartered Accountants in Ireland, Disciplinary Appeals Committee.#

**5. Jim Kelly**
Director, KBC Asset Management; Director KBC Bank Ireland plc; Fellow, Pensions Management Institute; Former Chief Executive, Mercer Human Resource Consulting; Founder Director, Pension & Investment Consultants Ltd.; Former Chairman, Retirement Planning Council of Ireland.*

**6. Baroness Neuberger** – DBE
Liberal Democrat member, House of Lords; Trustee, Booker Prize Foundation; Trustee, Walter & Liesel Schwab Charitable Trust; Chair of Commission on the Future of Volunteering; President, Liberal Judaism; Author of *The Moral State We're In*, a study of morality and public policy in modern Britain and *Not Dead Yet – A Manifesto for Old Age*. Former Chief Executive, King's Fund. Honorary Fellowships from Royal College of Physicians, Royal College of Psychiatrists and Royal College of General Practitioners. Former Rabbi, South London Liberal Synagogue. Chair of One Housing Group and also Chair of Responsible Gambling Strategy Group. Advisor to Prime Minister for Volunteering.

# **Bord na Stiúrthóirí** Ar Lean.

**7. Cathal Magee** – BA, MGT, MSC
Príomhfheidhmeannach Ghrúpa Gníomhaithe *eircom* Teo; Ball, Bord Stiúrthóirí, *eircom* Group plc. Stiúrthóir, Meteor Mobile Communications Teo; Stiúrthóir Neamh-fheidhmeannach, EBS Building Society. Sular thosaigh sé le *eircom*, d'oibrigh Cathal le Grúpa Baincéireachta Náisiúnta na hAstráile sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.

**8. Humphrey Murphy**
Cathaoirleach Hygienic Stainless Steel Teo., An Ríocht Aontaithe, Comhalta den Chomhlacht Rialála, Ollscoil na hÉireann Corcaigh 1997 go dtí seo. Cathaoirleach ar Choiste Iniúchta UCC 2003–go dtí seo, Stiúrthóir, Údarás Aerfort Chorcaí.*

**9. Karen Hickey–Dwyer** – FRIAI
Tá Karen Hickey-Dwyer. ina Comhpháirtí faoi láthair le Dlíodóirí Ivor Fitzpatrick agus a Chomhlacht, agus is speisialtóir í ar chúram sláinte, dlí an teaghlaigh, faillí chliniciúil agus dlíthíocht árachais. Glacadh í sna Rollaí de Dhlí-Chumann Corpraithe na hÉireann i 1998. Ball, Cumann an Bharra, Dlíodóirí Bhaile Átha Cliath; Ball, Cumann na nDlíodóirí Teaghlaigh; Ball, Dlí-Chumann na hÉireann; Ball, Cumann na nDlíodóirí Gortuithe Pearsanta; Ball, Cumann Idirnáisiúnta an Bharra.

# **Board of Directors** Continued

**7.**

**8.**

**9.**

**7. Cathal Magee** – BA, MGT, MSC
Acting Group Chief Executive, *eircom* Ltd. Member, Board of Directors, *eircom* Group plc. Director, Meteor Mobile Communications Ltd., Non-Executive Director of EBS Building Society. Prior to joining *eircom*, Cathal worked for the National Australian Banking Group in the UK and Ireland.

**8. Humphrey Murphy**
Chairman, Hygienic Stainless Steels Ltd UK; Member of Governing Body University College Cork 1997 to date; Chairman of UCC Audit Committee 2003–to date; Director of Cork Airport Authority.*

**9. Karen Hickey-Dwyer** – FRIAI
Ms Hickey-Dwyer is currently a Partner with Ivor Fitzpatrick & Company Solicitors, specialising in healthcare, family law, clinical negligence and insurance litigation. She was admitted to the Rolls of the Incorporate Law Society of Ireland in 1998. Member, Dublin Solicitors Bar Association; Member, Family Lawyers Association; Member, Law Society of Ireland; Member, Association of Personal Injury Lawyers; and Member, International Bar Association.

**10. Declan Moran – Stiúrthóir, Margaíocht agus Forbairt Ghnó**
Tá BSc in Eolaíocht Ríomhaireachta ag Declan Moran agus is Comhalta é d'Institiúid na nAchtúirí ó 1994. Thosaigh sé le Vhi Healthcare i 1997 ón tionscal saoil agus pinsean agus ceapadh é chuig Bord Stiúrthóirí Vhi in 2008. Tá freagracht air as bainistíocht phunann táirgí Vhi Healthcare, as táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt agus as saineolas achtúireachta laistigh den eagraíocht a sholáthar.

**11. Gillian Bowler – FMII FMgt.**
Cathaoirleach, Irish Life & Permanent, Plc., Stiúrthóir Neamh-fheidhmeannach, Grafton Group; Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach, Clear Channel Ireland Ltd., Comhalta Boird, Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit, UCD.*

**12. Christy Cooney (Criostóir Ó Cuana) – Máistir Oideachais**
Uachtarán CLG (An tUachtarán)#

* Comhalta den Choiste Íocaíochta
\# Comhalta den Choiste Iniúchta



10.

11.

12.

**10. Declan Moran – Director, Marketing and Business Development**
Declan Moran has a BSc in Computer Science and is a Fellow of the Institute of Actuaries since 1994. He joined Vhi Healthcare in 1997 from the life and pensions industry and was appointed to the Vhi Board of Directors in 2008. He is responsible for the management of Vhi Healthcare's product portfolio, development of new products and services and provision of actuarial expertise within the organisation.

**11. Gillian Bowler – FMII FMgt.**
Chairman, Irish Life & Permanent, Plc.; Non-Executive Director, Grafton Group; Non-Executive Director, Clear Channel Ireland; Board Member, Michael Smurfit Graduate School of Business, UCD.*

**12. Christy Cooney – (Criostóir Ó Cuana), Master of Education**
GAA President (An-t-Uachtarán)#

* Member of Remuneration Committee
\# Member of Audit Committee

"Go bliantúil, caitheann Vhi Healthcare €775 in aghaidh an chustaiméara chun freastal ar riachtanais liachta a gcustaiméirí i gcomparáid le €350 agus €450 a mheastar a chaith cuideachtaí eile sa mhargadh árachais sláinte. Faoi láthair, táimid ag íoc €3.3 mhilliún níos mó in aghaidh na seachtaine chun freastal ar riachtanais liachta ár gcustaiméirí ná mar a chaitheamar bliain ó shin. Íocaimid i bhfad níos mó ná ár n-iomaitheoirí toisc go bhfuil riachtanais liachta níos mó ag ár gcustaiméirí, a bhaineann le próifíl aoise."

**Bernard Collins** – Cathaoirleach, Vhi Healthcare

"On an annualised basis Vhi Healthcare spent an average of €775 per customer in meeting its customers' medical needs compared to an estimated €350 to €450 on average by other companies in the health insurance market. We are currently paying out €3.3 million more per week in meeting our customers' medical needs than we did a year ago. We pay out significantly more than our competitors as our customers require significantly greater medical care due to their age profile."

**Bernard Collins** – Chairman, Vhi Healthcare

# Athbreithniú An Chathaoirligh

**Feidhmiú Airgeadais**
Bhí ár bhfeidhmiú airgeadais don tréimhse deich mí atá faoi bhreithniú níos lú, go suntasach, ná mar a bhíomar ag súil leis agus bhí easnamh €65 milliún iarchánach ar Vhi Healthcare i gcomparáid leis an mbarrachas idir €15 mhilliún agus €25 milliún a bhíomar ag súil leis. Is é is cúis leis an easnamh seo ná an gá le freastal ar an méadú 15% a bhí ar chostais riachtanais liachta ár gcustaiméirí, ach ag an am céanna ní raibh ach méadú 7% ar ioncam.

Go bliantúil, caitheann Vhi Healthcare €775 in aghaidh an chustaiméara chun freastal ar riachtanais liachta a gcustaiméirí i gcomparáid le €350 agus €450 a mheastar a chaith cuideachtaí eile sa mhargadh árachais sláinte. Faoi láthair, táimid ag íoc €3.3 mhilliún níos mó in aghaidh na seachtaine chun freastal ar riachtanais liachta ár gcustaiméirí ná mar a chaitheamar bliain ó shin. Íocaimid i bhfad níos mó ná ár n-iomaitheoirí toisc go bhfuil riachtanais liachta níos mó ag ár gcustaiméirí, a bhaineann le próifíl aoise. Creidimid freisin go bhfuil teacht ag ár gcustaiméirí ar chúraim sláinte atá níos fearr ná mar a sholáthraíonn ár n-iomaitheoirí.

**Meicníocht chun Tacaíocht a Thabhairt do Chustaiméirí Scothaosta an Mhargaidh Árachais Sláinte**
Chuir cinneadh na hArd-Chúirte i mí Iúil 2008 maidir leis an scéim um Chothromú Riosca, a bhí tagtha isteach cheana féin, díoma orainn agus ba chinneadh é nach raibh coinne leis. De réir mar atá go fírinneach, tá sé dodhéanta margadh árachais sláinte a chur ar fáil atá pobalrátaithe gan meicníocht tacaíochta do chustaiméirí scothaosta a bhunú. An rogha eile atá ann ná go ndéanfar an margadh árachais sláinte ina mhargadh rioscarátaithe trí dhearadh táirgí agus beidh sé de thoradh air seo go mbeidh ar dhaoine scothaosta sa tír costais níos airde a íoc ar phréimheanna. Ní féidir leis seo a bheith mar sprioc ag an tír agus gan aon amhras ní sprioc an Rialtais é.

Tá gá le meicníocht tacaíochta chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag daoine scothaosta den tsochaí ar árachais sláinte príobháideach ar na téarmaí céanna agus atá ag custaiméirí níos óige. Baineann sprioc an bheartais seo leis an Rialtas ar deireadh. Dá bhrí sin, d'fhógair an Roinn Sláinte agus Leanaí i mí na Samhna 2008 go bhfuil sé ar intinn aici meicníocht mar sin a thabhairt isteach trí thobhach a ghearradh ar gach cuideacht árachais sláinte i dteannta le faoiseamh breise ó cháin a thabhairt do chustaiméirí a bhfuil níos mó ná caoga bliain d'aois slánaithe acu. Foilsíodh an dréacht-Bhille, an Bille Árachais Sláinte (Leasú) (Forálacha Ilghnéitheacha) chun éifeacht a thabhairt dó sin i mí na Nollag 2008. Caithfear leis na cuideachtaí árachas sláinte go léir ar bhonn comhseasmhach faoin reachtaíocht atá beartaithe.



# Chairman's Review

**Financial Performance**
Our financial performance for the ten month period under review was significantly below our expectations and Vhi Healthcare generated a deficit after tax of €65 million compared to an expected surplus of €15 million to €25 million. The deficit can be largely attributed to the fact that the cost of meeting our customers' medical needs increased by 15% whilst our income increased by 7%.

On an annualised basis Vhi Healthcare spent an average of €775 per customer in meeting its customers medical needs compared to an estimated €350 to €450 on average by other companies in the health insurance market. We are currently paying out €3.3 million more per week in meeting our customers' medical needs than we did a year ago. We pay out significantly more than our competitors as our customers require significantly greater medical care due to their age profile. We also believe we ensure that our customers access a higher quality of care than our competitors.

**Mechanism to Support Older Health Insurance Customers**
The decision of the Supreme Court in July 2008 in respect of the Risk Equalisation scheme previously introduced was disappointing and unexpected. The reality is that it is impossible to have a community rated health insurance market without a mechanism to support older customers. The alternative is that the health insurance market will effectively become a risk rated market through product design and this will result in significantly higher premiums for older members of society. This cannot be the goal of society and it is clearly not the goal of the Government.

In order to ensure that older members of society can continue to access private health insurance on the same terms as younger customers, a support mechanism is required. This policy goal is ultimately a matter for the Government. As such, the Department of Health & Children in November 2008 announced its intention to introduce such a mechanism through a combination of a levy charged on all health insurance companies and additional tax relief for customers over the age of fifty. The draft Bill to give effect to this, the Health Insurance (Miscellaneous Provisions) Amendment Bill, was published in December 2008. All health insurance companies will be treated in a consistent manner under the proposed legislation.

The proposed mechanism to support older customers is currently based on a 50% criterion which means that insurers are only compensated for 50% of the risk of insuring customers over the age of sixty. This means that Vhi

# **Athbhreithniú an Chathaoirligh** Ar Lean.

Tá an mheicníocht atá beartaithe chun tacaíocht a thabhairt do chustaiméirí scothaosta bunaithe ar chritéir 50%, rud a chiallaíonn go gcúitítear na hárachóirí le haghaidh 50% den riosca a bhaineann le custaiméirí a raibh níos mó ná seasca bliain d'aois slán acu. Dá dheasca sin, leanann Vhi Healthcare ag cailliúint €1,000 in aghaidh na bliana nuair a thugann sé cumhdach árachais d'aon chustaiméir os cionn seachtó bliain d'aois faoin gcóras tobhaigh/faoiseamh cánach atá beartaithe. Tá beagnach 95% de na custaiméirí idir seachtó agus ochtó bliain d'aois agus beagnach 99% de na custaiméirí os cionn ochtó bliana d'aois a bhfuil árachas Vhi Healthcare acu. Beidh gá le scéim nua shofaisticiúil um Chothromú Riosca a thabhairt isteach sna blianta atá romhainn nó de rogha air sin, beidh gá le méid suntasach d'fhaoiseamh cánach breise a thabhairt do chustaiméirí scothaosta ná mar atá leagtha síos sa dréacht-Bhille chun a chinntiú go mbeidh meicníocht inbhuanaithe ann. Tá súil againn go mbeimid in ann a áiteamh ar an Rialtas nach bhfuil critéir 50% inbhuanaithe i dtéarmaí aidhmeanna an Rialtais maidir le margardh pobalráthaithe a bhaint amach. Ag glacadh leis go bhfaightear ceadú ón mBruiséil i dtaca leis an reachtaíocht atá beartaithe beidh coinne againn le go ndéantar dlí den dréacht-Bhille go luath ina dhiadh sin.

**Rialáil Airgeadais**

De réir an Achta um Árachas Sláinte Shaorálaigh (Leasú) 2008 ní mór do Vhi Healthcare a bheith in ann údarú an Rialtóra Airgeadais a fháil roimh an 1ú Meán Fómhair 2009. Bhí ísliú ó 35.3% go dtí 27.7% ar leibhéil shócmhainneachta ag deireadh na bliana agus faoi láthair tá gá le 40% ar a laghad de phréimh scríofa chun na ceanglais shócmhainneachta íosta Rialtóra Airgeadais a shásamh. Tá léibhéal na sócmhainneachta a theastóidh ón Rialtóir Airgeadais níos airde ná an léibhéal a theastóidh ó thromlach na dtíortha Eorpacha agus is dóchúil go mbeidh ísliú ar an léibhéal sócmhainneachta is gá go dtí 28% go dtí 30% nuair a chuirfear Solvency II i bhfeidhm ina iomláine. Is é tuairim Vhi Healthcare go bhfuil dóthain caipitil againn agus go bhfuil géar-riachtanas le straitéis chun údarú a fháil chomh luath agus is féidir, ionas go mbeimid in ann táirgí nua a fhorbairt ar mhaithe lenár gcustaiméirí go léir. Beidh gá le caipiteal breise chun an Rialtóir Airgeadais a shásamh.

**Caighdeán an Chúraim Sláinte**

Tá Vhi Healthcare dírithe go hiomlán ar chinntiú go mbeidh rochtain ag ár gcustaiméirí ar sheirbhísí chúraim sláinte d'ardchaighdeán ar an bpraghas is fearr. Cheangail an Vhi Healthcare ar na hospidéil phríobháideacha, nua agus atá ann cheana féin, a sholáthaíonn seirbhísí chúraim sláinte dár gcustaiméirí, creidiúnú a bhaint amach faoi dheireadh 2008. Baineann infheistíocht shuntasach leis an bpróiseas creidiúnaithe cáilíochta seo ó thaobh na n-ospidéal príobháideach de agus tá



# **Chairman's Review** Continued

Healthcare will continue to lose €1,000 per annum when insuring any customer over the age of seventy under the proposed levy/tax relief system. We currently insure almost 95% of customers between the age of seventy and eighty and almost 99% of customers over the age of eighty. To ensure that a sustainable mechanism is put in place to support older customers it will be necessary in the years ahead to introduce a new sophisticated Risk Equalisation scheme or alternatively provide a significantly greater amount of tax relief for older customers than is provided in the draft Bill. We hope to be able to persuade the Government that a 50% criterion is not sustainable in terms of meeting the Government objectives of a community rated market. Assuming that approval is obtained from Brussels for the proposed legislation we anticipate that the draft Bill will become law soon thereafter.

**Financial Regulation**

The Voluntary Health Insurance (Amendment) Act 2008 requires Vhi Healthcare to be in a position to achieve authorisation by the Financial Regulator by the 1st September 2009. Our current solvency levels have declined from 35.3% to 27.7% by year end and we currently require at least 40% of written premium in order to satisfy the Financial Regulator's minimum solvency requirements. The level of solvency required by the Financial Regulator is above what is required in most European countries and it is probable that the required solvency level will decline to 28% to 30% once Solvency II is fully enacted. It is Vhi Healthcare's view that we are adequately capitalised and it is a strategic imperative to achieve authorisation as soon as possible in order to enable us to develop new products for the benefit of all our customers. We will require additional capital in order to satisfy the Financial Regulator.

**Quality of Care**

Vhi Healthcare is totally focused on ensuring that its customers can access very high quality healthcare services at the best possible price. During the year Vhi Healthcare required that all new and existing private hospitals providing care for its customers had to achieve accreditation by the end of 2008. This quality accreditation process involved a very significant investment by private hospitals and Vhi Healthcare is pleased that all private hospitals we currently cover have successfully achieved this international standard of accreditation.

Vhi Healthcare sásta go bhfuil an creidiúnú caighdeánach idirnáisiúnta seo bainte amach ag na hospidéil phríobháideacha go léir a chumhdaíonn Vhi Healthcare.

**Ag Bainistiú Fholláine ár gCustaiméirí**

Thar an meántéarma, soláthróimid acmhainní le haghaidh na nithe seo a leanas: cosc ar ghalair, bainistiú galar, chúraim sláinte lastigh den phobal, agus bainistiú fholáinne ár gcustaiméirí. Tá sé ar intinn againn táirgí nua a fhorbairt chun saol ár gcustaiméirí a fheabhsú. Sa bhliain 2009, thionscnaíomar tionscadal scagtha le haghaidh diaibéitis Tíopa 2 agus baol chardashoithíoch agus déanfar scagadh ar beagnach 5,000 dár gcustaiméirí. Chomh maith leis sin, ó Eanáir 2009 rinneamar tuilleadh forbartha ar an gcomhghuaillíocht straitéiseach le hOspidéal Ollscolaíoch Pádraig ionas go mbeadh rochtain ar chúram síciatrach agus síceolaíoch ag ár gcustaiméirí sna Clinicí Dean, ar cuireadh ceithre díobh ar fáil, laistigh de shuíomh pobail. Is muidne an t-aon árachóir a bhfuil líne altra 24/7 aige agus faoi láthair tá níos ná 8,000 custaiméir ag úsáid na seirbhíse seo in aghaidh na míosa.

**Ár bhFostaithe**

Braitheann rathúlacht ár gnó go mór ar scileanna, díograis agus tiomantas ár bhfostaithe chun seirbhís d'ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí. In ainneoin dhála na timpeallachta eacnamaíche in Éirinn faoi láthair is mór an t-ábhar misnigh é go leanann seachtar as gach deichniúr atá árachas sláinte acu ag roghnú Vhi Healthcare mar gheall ar an tseirbhís agus an luach a sholáthraímid. Caithimid leanúint d'fheabhas a chur ar sholáthar seirbhísí custaiméirí, an réimse ina bhfuil Vhi Healthcare faoi bhuntáiste iomaíochta. Thar ceann an Bhoird Stiúrthóirí, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an mbainistíocht agus a foireann as a gcuid rannpháirtíochta i rith na bliana.

**Ionchas**

Níl amhras ar bith ach go rachaidh deacrachtaí na timpeallachta eacnamíche i bhfeidhm ar léibhéil na ballraíochta sa bhliain 2009. Caithimid leanúint de bheith ag díriú ar shlite nua éagsúla chun gur féidir linn an tseirbhís a sholáthraímid a fheabhsú, chun a chinntiú go mbeidh gnó inbhuanaithe fádtéarma againn. Is feiniméan aitheanta é go bhfuil feidhmiú eacnamaíoch níos fearr ag na heagraíochtaí atá dírithe ar nuálaíocht i dtréimhsí meathlaithe agus táim cinnte go leanann Vhi Healthcare de bheith ag díriú ar nuálaíocht ar mhaithe lenár gcustaiméirí.

**Bernard Collins**
Cathaoirleach



**Management of Our Customers' Wellbeing**

Over the medium term we will devote significantly greater resources to prevention; chronic disease management; care within the community and also to the management of our customers' wellbeing. We intend to develop products which will further improve our customers' lives. In 2009 we commenced a screening project which will see almost 5,000 of our customers screened and risk assessed for Type 2 diabetes and cardiovascular risk. Also since January 2009 we have further developed our strategic alliance with St. Patrick's University Hospital whereby our customers can access psychological and psychiatric care within a community setting in the Dean Clinics of which there are now four. We are also the only insurer with a dedicated 24/7 Nurseline and currently over 8,000 customers per month avail of this service.

**Our Employees**

The success of our business depends greatly on the skill, enthusiasm and commitment of our employees to deliver excellent service to our customers. Despite the difficult economic climate which prevails in Ireland it is heartening to see that seven in ten insured people continue to choose Vhi Healthcare because of the service and value which we provide. We must continue to excel in the provision of customer service where we clearly enjoy a competitive advantage. On behalf of the Board of Directors I would like to thank our management and staff for their contribution over the year.

**Outlook**

There is no doubt that the current difficult economic environment will impact on our membership levels for 2009. We must continue to innovate in order to ensure that we have a long-term sustainable business. It is a well known phenomenon that in recessionary times that those organisations that innovate will do better and I am confident that Vhi Healthcare will continue to innovate for the benefit of its customers.

**Bernard Collins**
Chairman

# Gnáthaimh Cúram Leighis
# Medical Care Procedures

Gnáthaimh Cúram Leighis in Ospidéil Phríobháideacha
Medical Procedures in Private Hospitals

2008 (+14%)



2007

Líon na nÉileamh a Íocadh
Number of Claims Paid

2008 (+17%)



2007

Caitheachas Ioncam Préimhe 2008 ar Riachtanais Leighis na gCustaiméirí
2008 Premium Income Spend on Customer Medical Needs

95%



2008

D'íoc Vhi Healthcare níos mó ná €981 milliún chun riachtanais leighis ár gcustaiméirí a chomhlíonadh sa tréimhse deich mí a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh uirthi anseo. D'íoc Vhi Healthcare €775 ar an meán do gach custaiméir, le freastal ar a riachtanais cúram leighis in 2008. Díol suntais é gur tháinig ardú 14% ar an líon gnáthaimh leighis a bhí ag ár gcustaiméirí in ospidéil phríobháideacha i 2008 i gcomparáid le 2007. Tá Vhi Healthcare ag caitheamh €3.3 mhilliún breise in aghaidh na seachtaine chun an costas atá ar riachtanais cúram leighis ár gcustaiméirí a chomhlíonadh, i gcomparáid leis an am seo anuraidh.

Vhi Healthcare paid out over €981 million in meeting customer's medical needs for the ten month period under review. Vhi Healthcare paid out an average of €775 for each customer to meet their medical care needs in 2008. Significantly, the number of medical procedures which our customers accessed in private hospitals increased by 14% in 2008 compared to 2007. Currently Vhi Healthcare is spending an additional €3.3 million per week, compared to this time last year, in meeting the cost of our customers' medical care needs.

"Leanann Vhi Healthcare de bheith ag díriú ar rochtain ar chúraim sláinte d'ardchaighdeán a sholáthar ar an bpraghas is ísle is féidir. Leanfaimid ag idirbheartú thar ceann ár gcustaiméirí chun an luach is fearr a fháil agus chun cumhdach le haghaidh na ndrugaí, na teicneolaíochtaí agus cóireálacha leighis is déanaí a chinntiú.

Tá riochtaí míochaine de dheasca galair a bhaineann le stíl mhaireachtála ar cheann de na dúshláin chúraim sláinte is mó atá os comhair na tíre seo. Is réimse an-chasta é an réimse seo agus is é mo thuairim go mbeidh gá le straitéis chomhtháite chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo. Mar phríomhárachóir sláinte na Éireann, táimid ag phleanáil chun i bhfad níos mó acmhainní a dhíriú ar chosc ar galar, ar chúram sa phobal agus ar chláir um bainistiú galar ainsealach, ar mhaithe lenár gcustaiméirí sna blianta amach romhainn."

**Jimmy Tolan** – Príomhfheidhmeannach, Vhi Healthcare

"Vhi Healthcare's focus will continue to be on providing our members with access to quality healthcare at the lowest possible cost. We will continue to negotiate on their behalf to secure the best possible value and to ensure cover for the latest drugs, technologies and treatments.

Medical conditions derived from lifestyle diseases represent one of the greatest healthcare challenges for this country. This is a very complex area and in my opinion an integrated strategy will need to be adopted to meet this challenge head on. As Ireland's pre-eminent health insurer we are planning to devote significantly greater resources to prevention, care in the community and chronic disease management programmes for the benefit of our customers in the years ahead."

**Jimmy Tolan** – Chief Executive, Vhi Healthcare

# Athbhreithniú Ar Oibríochtaí

**Réamhrá**

Thug an cathaoirleach ina athbhreithniú achoimre ar na príomhimeachtaí don tréimhse 10 mí dar críoch 31 Nollaig, 2008. Ba thréimhse fíordhúshlánach í an tréimhse áirithe sin, rud atá le feiceáil sna torthaí foriomlána airgeadais a thaispeánann lánchaillteanais iarchánach de €65 milliún.

Is é is cúis leis an easnamh sin ná an méadú suntasach a bhí ar líon gnáthaimh míochaine a bhí íoctha ag Vhi Healthcare thar ceann ár gcustaiméirí sa bhliain dheireanach seo in éineacht le caillteanais inár bpunann infheistíochta. Faoi láthair tá Vhi Healthcare ag caitheamh €3.3 milliún níos mó in aghaidh na seachtaine, ná mar a caitheadh sa tréimhse chéanna an bhliain seo caite, chun na costais a bhaineann le riachtanais cúram míochaine a gcustaiméirí a ghlanadh. I rith na gceithre bliana deiridh tháinig méadú ar líon na mball ó Vhi Healthcare a chuaigh isteach sna hospidéil phríobháideacha ó 293,000 go dtí 429,000 -méadú de 2,600 iontráil in aghaidh na seachtaine. Léiríonn na figiúirí seo meánmhéadú bliantúil de bhreis agus 10% i rith na gceithre bliana. Faoi láthair táimid ag íoc idir €300 agus €400 an custaiméir níos mó ná mar a chaitheann cuideachtaí eile sa mhargadh árachais sláinte chun freastal ar riachtanais liachta ár gcustaiméirí.

Tá Vhi Healthcare ag leanúint de sholáthar an réimse is leithne de na saoráidí, de na drugaí agus de na teicneolaíochtaí is deireanaí atá ar fáil ar an margadh árachais sláinte. Táimid dírithe ar chinntiú go mbeidh rochtain leanúnach ag ár gcustaiméirí ar chúraim sláinte d'ardchaighdeán sa suíomh is cuí. Tá foireann mhíochaine shárchleachta shárchumasach againn agus is é aidhm Vhi Healthcare ná a bheith i bhfíorthosach amach anseo maidir le forbairtí ionas gur féidir linn freastal, cibé slí is fearr, ar riachtanais liachta ár gcustaiméirí.

**Na Torthaí Airgeadais**

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhthorthaí airgeadais mar seo a leanas:

- Ba é €1.025 bhilliún an phréimh iomlán a bhí tuillte le haghaidh na tréimhse 10 mí dar chríoch 31 Nollaig 2008, i gcomparáid le €1.153 bhilliún an bhliain roimhe sin.

- Léiríonn na torthaí glan-easnamh de €65 milliún i gcomparáid le barrachas de €62.8 milliún don bhliain dar chríoch Feabhra 2008 (gan athscríobh an chúlchiste riosca neamhchaite a áireamh). Eascraíonn an t-easnamh seo toisc go raibh Vhi Healthcare ag íoc beagnach €30 milliún níos mó ná mar a fhaigheann sé mar ioncam ó phréimheanna chun freastal ar riachtanais mhíochaine a



# Operations Review

**Introduction**

The Chairman in his review has given a summary of the key events for the ten month period ended 31 December 2008. The period in question has been a very challenging one and this has been reflected in our overall financial results which have shown total losses after tax of €65 million.

This deficit can largely be attributed to the substantial increase in the number of medical procedures paid on behalf of our customers in the past year, combined with losses on our investment portfolio. Currently Vhi Healthcare is spending an additional €3.3 million per week, compared to this time last year, in meeting the cost of its customers' medical care needs. Over the last four years the number of admissions of Vhi Healthcare members to private hospitals increased from 293,000 to 429,000 – an increase of over 2,600 admissions per week. This represents an average annual increase in excess of 10% over the last four years. We currently spend between €300 and €400 more on each of our customers in meeting their medical needs compared to that spent on their customers by other operators in the health insurance market.

Vhi Healthcare continues to provide cover for the widest range of facilities, latest drugs and technologies available on the market. Our focus is to ensure that our customers can continue to access high quality healthcare in the most appropriate setting. Vhi Healthcare has a highly talented and experienced medical team and our aim is to continue to be at the forefront of future developments in order to best serve our customers' needs.

**Financial Results**

The key financial results can be summarised as follows:

- Total earned premium for the ten month period ended 31st December 2008 was €1.025 billion compared with €1.153 billion the previous year.

- After tax results showed a net deficit of €65 million compared with a surplus of €62.8 million for the year ending February 2008 (excluding the write back of the unexpired risk reserve fund). This deficit arose because Vhi Healthcare is paying out almost €30 million more than it has received in premium income in meeting its customers' medical care needs combined with losses on our investment portfolio of €43 million. The loss on our investment portfolio which has in the past supported the growth of the organisation for the benefit of its customers equates to a loss of 5.3%. The risk element of our investment portfolio has been changed and a more positive return is expected for next year.

# Athbhreithniú Ar Oibríochtaí Ar Lean.

gcustaiméirí agus toisc gur tharla caillteanais €43 milliún a bhaineann lenár bpunann infheistíochta. Is ionann caillteanas ar an bpunann infheistíochta, a bhí mar thacaíocht d'fhás na heagraíochta ar mhaithe leis na gcustaiméirí, agus caillteanas 5.3%. Tá athrú tagtha ar riosca na punainne infheistíochta agus táthar ag súil le fáltas dearfach don bhliain seo chugainn.

- Bhí €981 milliún mar luach ar na héilimh a íocadh don tréimhse atá i gceist, méadú de 17% ar an mbliain roimhe. Tháinig an méadú sin de dheasca méadú suntasach ar líon na ngnáthamh míochaine a bhí íoctha thar ceann ár gcustaiméirí.

- Bhí 94.8% mar chóimheas éileamh Vhi Healthcare, i.e. íocaíocht as cúram míochaine mar chéatadán na préimhe tuillte, atá i bhfad níos airde ná an meánmhargadh. D'íoc Vhi Healthcare meánmhéid de €775 in aghaidh an chustaiméara chun freastal ar riachtanais liachta sa bhliain 2008. Tá an tsuim seo, go suntasach, níos airde ná na suimeanna a chaitheann na cuideachtaí eile sa mhargadh árachais sláinte, a mheastar a chaitheann idir €350 agus €450 an custaiméir.

- Is é an cóimheas sócmhainneachta i.e. cóimheas na saorchúlchistí le hioncam ó phréimheanna, ná 27.7% faoi láthair. Tá sé seo inghlactha i gcomhthéacs na gcaighdeán Eorpach agus fanann Vhi Healthcare mar chuideacht thréan ó thaobh caipitil agus airgeadais de. Ceanglaítear ar Vhi Healthcare, faoin an Acht Vhi (Leasú), rite le bheith ina reacht ag an Oireachtas i 2008, ceadúnas árachais a fháil agus ceanglaítear air bheith faoi rialú an Rialtóra Airgeadais. Tá Vhi Healthcare tiomanta go hiomlán don sprioc seo agus táimid ag féachaint ar conas is féidir linn staid na sócmhainneachta a fheabhsú. Chun an Rialtóir Airgeadais a shásamh ní mór do Vhi Healthcare caipiteal breise a fháil.

**Meicníocht maidir le Tacaíocht a Thabairt do Chustaiméirí Scothaosta a bhfuil Árachas Sláinte acu.**

D'fhógair an Rialtas ar an 19 Samhain 2008 go mbeadh sé ag tabhairt isteach sraith de bhearta eatramhacha chun tacú le pobalratú go dtí go dtabharfar isteach scéim nua um chothromú riosca. Is é atá i gceist leis na bearta seo ná faoiseamh cánach breise atá bainteach le haois agus atá íoctha as tobhach a ghearrtar ar chuideachtaí árachais sláinte, a dheonú.

Chuir Vhi Healthcare fáilte roimh an bhfógra seo ón Rialtas mar creidimid gur céim thábhachtach í seo chun pobalratú a chosaint agus chun a chinntiú gur féidir le daoine scothaosta leanúint de bheith in ann teacht ar árachas sláinte ar na téarmaí céanna agus atá ag baill den tsochaí atá níos óige.





# Operations Review Continued

- Claims paid in the period under review were €981 million, an increase of 17% on the previous year. The increase is due to a significant increase in the number of medical procedures being paid for on behalf of our customers.

- Vhi Healthcare's claims ratio, i.e. payment for medical care as a percentage of earned premium came to 94.8% which is significantly higher than the market average. Vhi Healthcare paid out an average of €775 for each customer to meet their medical care needs in 2008. This is significantly higher than others in the market whom we estimate spend between €350 and €450 per customer.

- The solvency ratio i.e. the ratio of free reserves to premium income currently stands at 27.7%. This is acceptable by European standards and Vhi Healthcare remains well capitalised and financially strong. Under the Vhi Amendment Act, passed in 2008 by the Oireachtas, Vhi Healthcare is obliged to obtain an insurance licence and be regulated by the Financial Regulator. Vhi Healthcare is totally committed to this objective and we are looking at ways to further increase our solvency position. To satisfy the Financial Regulator solvency requirements Vhi Healthcare will require additional capital.

**Mechanism to Support Older Health Insurance Customers**

On 19 November 2008 the Government announced that it would be introducing a series of interim measures in support of community rating pending the introduction of a new risk equalisation scheme. These involve the granting of additional age related tax reliefs which are financed by a levy charged on health insurance companies.

Vhi Healthcare welcomed this announcement by Government because we believe it is an important initial step to protect community rating and ensure that older people can continue to access health insurance on the same terms as younger members of society. The interim solution announced treats all insurers on an equal footing and the measure introduced should, over time, increase competition and product innovation for all customers across all ages.

In December 2008 the Minister published a draft Health Insurance (Miscellaneous Provisions) Amendment Bill 2008 to support this initiative. The stated objective of the draft Bill is to ensure that access to health insurance cover is available to all consumers without differentiation made in respect of age or health status and that this is in the interest of the common good.

Déileálann an réiteach eatramhach seo a bhí fógraithe, leis na hárachóirí go léir ar bhonn comhionann agus d'fhéadfadh an beart, thar am, iomaíocht agus nuálaíocht táirgí a mhéadú le haghaidh na gcustaiméirí go léir ag gach aois.

I mí na Nollag 2008 d'fhoilsigh an tAire an dréacht-Bhille, An Bille Árachais Sláinte (Leasú) (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008 chun tacú leis an tionscnamh seo. Is é cuspóir sonraithe an dréacht-Bhille seo ná rochtain ar chumhdach árachas sláinte a áirithiú ag tomhaltóirí go léir, gan idirdhealú a dhéanamh maidir le haois nó bail sláinte agus go bhfuil sé seo ar mhaithe leis an leas coiteann.

Cuireadh an scéim eatramhach seo faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i Samhain mar chúnamh féideartha stáit. Má fhaightear freagra dearfach ón gCoimisiún, beimid ag dréim leis go dtabharfar reachtaíocht isteach faoi bhráid an Oireachtais go luath.

**Na hEochairghníomhaíochtaí**

**Ballraíocht agus Díolacháin**
D'ainneoin an choir chun donais eacnamaíoch, breis ar bhrúnna iomaíochta, agus an mhargaidh árachais aibí, ní raibh mórán athraithe ar léibhéal na ballraíochta agus ba é líon na mball ag deireadh na bliana ná 1,535,000.

**Ag Freastal ar Riachtanais Liachta na gCustaiméirí**
D'íoc Vhi Healthcare níos mó ná €981 milliún don tréimhse deich mí atá faoi bhreithniú, le haghaidh costas i ndáil le freastal ar riachtanais liachta a gcustaiméirí.

Ba é an méid iomlán a d'íocamar maidir le costas na ndeich éileamh is airde ná beagnach €1.8 mhilliún. Léiríonn sé seo go raibh méadú 10% thar an mbliain roimhe. I dteannta leis sin, d'íoc Vhi Healthcare as 46 éileamh, ar cóimhéid le €100,000 nó níos mó.

Tá cúram míochaine maidir le hailse ar cheann de na costais is mó i dtéarmaí na sochar ar íocadh astu i rith na bliana agus €185 milliún i gceist. Ba é an costas cóireála in aghaidh galair chroí agus costas in aghaidh ghalair an chórais imshruthaithe ná €129 milliún agus bhí sé sin leanta go dlúth le híocaíochtaí de €128 milliún maidir le cúram ortaipéideach, athchur cromáin san áireamh, bristeacha casta agus athchur glún. Íocadh €112 milliún le haghaidh costais a bhaineann le réimsí tábhachtacha eile maidir le costais cúram liachta lena n-áirítear galair a bhaineann leis an gcóras díleáite, beagnach €54 milliún le haghaidh chúraim sláinte mheabhach, agus beagnach €50 milliún maidir le saolú breis agus 16,100 leanbh.



This interim scheme was referred to the European Commission in November as a potential state aid. If there is a positive response from the Commission we anticipate that the legislation will be brought before the Oireachtas shortly.

**Key Activities**

**Membership & Sales**
Despite a slowing economy, increased competitive pressures, and a mature health insurance market, Vhi Healthcare's membership held relatively steady and at year end totalled 1,535,000.

**Meeting Customers' Medical Needs**
Vhi Healthcare paid out over €981 million in meeting customer's medical needs for the ten month period under review. The total cost of the top ten claims we paid out amounted to almost €1.8 million. This represents an increase of 10% over the previous year. In addition, last year saw Vhi Healthcare pay for 46 claims, each of which amounted to €100,000 or greater.

Cancer related medical care remains the number one in terms of benefit paid during the year with €185 million paid out. The cost of the treatment for heart and circulatory system illnesses was €129 million and this was followed closely by payments of €128 million in respect of orthopaedic care including hip replacements, complicated breaks and knee replacements. Other key areas of medical costs included €112 million which was paid out for illnesses related to the digestive system, nearly €54 million for mental health care and almost €50 million towards the delivery of over 16,100 babies.

The cost of providing high quality medical care continues to increase year on year – a factor of ongoing improvements in technologies, treatment and drugs. Despite the higher cost, this ongoing level of medical innovation is welcomed as it leads to growing numbers of positive outcomes for our members. The key cost driver however is the increase in the number of procedures for which our customers are treated. Significantly, the number of medical procedures which our customers accessed in private hospitals increased by 14% in 2008 compared to 2007.

There is currently excess capacity in the private hospital sector and Vhi Healthcare is committed to working closely with private hospital providers to ensure that new facilities are focussed on addressing un-met demand and do not result in excess medical capacity in areas where it is not required.

# **Athbhreithniú Ar Oibríochtaí** Ar Lean.

Leanann an costas maidir le soláthar cúram liachta d'ard-chaighdeán ag méadú bliain ar bhliain – mar thoradh ar na feabhsuithe leanúnacha i ndáil le teicneolaíochtaí, cóireáil agus drugaí. D'ainneoin an chostais bhreise cuirtear fáilte roimh léibhéal leanúnach an nuála míochaine mar go dtiocfaidh sé as go mbeidh torthaí dearfacha ag ár mbaill. Is é eochairthoisc ó thaobh costas de ná an méadú ar an líon gnáthamh a bhí ag ár gcustaiméirí. Go tábhachtach, bhí méadú 14% ar an líon gnáthamh a bhí ag ár gcustaiméirí sna hospidéil phríobáideacha sa bhliain 2008 i gcomparáid le 2007.

Faoi láthair tá ró-acmhainneacht san earnáil a bhaineann le na hospidéil phríobháideacha agus tá Vhi Healthcare tiomanta de bheith ag obair le soláthraithe ospidéal príobháideach chun a chinntiú go mbeidh na hacmhainní nua dírithe ar éileamh nach bhfuil freastal air faoi láthair agus chun ró-acmhainneacht mhíochaine nach bhfuil gá léi a sheachaint.

**An Chomhpháirtíocht Nua le hOspidéal Ollscolaíoch Phádraig**
Sa bhliain 2008 d'fhógair Vhi Healthcare go raibh comhpháirtíocht déanta acu le hOspidéal Ollscolaíoch Phádraig agus thug siad gealltanas réimse leathan de thionscnaimh a thacú chun saoráidí ildisciplíneacha le haghaidh othair sheachtracha, seirbhísí meabhair-shláinte atá pobalbhunaithe agus seirbhísí tacaíochta ar-líne a chur chun cinn.

Ón 1 Eanáir 2009 tá na clinicí Dean,seirbhís reigiúnach meabhair-shláinte nua atá pobalbunaithe a sholáthraíonn an fhoireann in ospidéal Ollscolaíoch Phádraig, faoi chumhdach árachais sna pleananna go léir ag Vhi Healthcare. Tá na clinicí seo lonnaithe i nDomhnach Míde, ar Shráid Capel, in Oispidéal Naomh Edmundsbury i Leamhcán agus san Ospidéal Bons Secours i nGlas Naíon agus i gClinic Vhi SwiftCare i gCorcaigh. Solathraíonn na clinicí seirbhísí ginearálta meabhair-shláinte d'othair sheachtracha, seirbhísí ina n-áirítear cláir maidir le himní agus neamhord andúile. Taispeánann taighde go mbíonn torthaí níos fearr i dtaca le tinneas síciatrach, amhail neamhord imní, nuair a úsáidtear cur chuige atá pobalbhunaithe.

**Ag Bainistiú Fholláine ár gCustaiméirí**
Thar an meántéarma, tá sé ar intinn againn acmhainní breise a chur ar fáil, agus táirgí nua a fhorbairt, dírithe ar bhainistiú galar ainsealach, chúram sa phobal agus ar ghalar a chosc d'fhonn fóllaine ár gcustaiméirí a fheabhsú. Chomh leis sin, cabhraíonn an straitéis lenár gcustaiméirí a sláinte agus a bhfolláine féin a bhainistiú i mbealach níos éifeachtúla, ní amháin trí bheith ann dóibh mar árachóir nuair atá siad tinn ach ag an am céanna, trí sholáthar an eolais agus na tacaíochta atá riachtanach dóibh chun tinneas a sheachaint sa chéad dul síos.





# **Operations Review** Continued

**New Partnership with St. Patrick's University Hospital**
2008 saw Vhi Healthcare announce a partnership with St. Patrick's University Hospital and commit to supporting a wide range of initiatives which will promote the development of multi-disciplinary outpatient facilities, community based mental health services and online support services.

Since 1 January 2009 all Vhi Healthcare plans now provide cover for the Dean Clinics, a new community based regional mental health service provided by the team in St. Patrick's University Hospital. These clinics are now located at Donaghmede, Capel Street, St. Edmundsbury Hospital in Lucan, the Bons Secours Hospital in Glasnevin and the Vhi SwiftCare Clinic in Cork. The clinics provide general mental health services on an outpatient basis including anxiety and addiction disorder programmes. Research shows that those suffering from psychiatric illnesses such as anxiety disorder have better outcomes through a community based approach.

**Management of Our Customers' Wellbeing**
Over the medium term we intend to devote significantly greater resources and develop new products which will be focused on the critical areas of chronic disease management, care in the community and prevention with a view to improving our customers' wellbeing. This strategy will also facilitate our customers in managing their health and wellness more effectively, not just being there for them when they are sick but also equipping them with the information and support that they need to prevent them from getting sick in the first place.

